C/2024/7434

13.12.2024

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar an tsonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2024/7434)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

'Béarn'

PDO-FR-A0597-AM03

Dáta na teachtaireachta: 8.10.2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. **Limistéar geografach**

I Roinn IV, 'Limistéir agus áiteanna ina ndéantar na hoibríochtaí éagsúla', de Chaibidil I den tsonraíocht, leasaíodh pointe 1 'Limistéar geografach' trí thagairt a chur leis an gCód Geografach Oifigiúil, ar tagairt í lena n-aithnítear agus lena mbunaítear liosta na mbardas de réir roinne ar an leibhéal náisiúnta.

Cuireadh an tagairt sin leis an doiciméad aonair faoin bpointe 'Limistéar geografach críochaithe'.

I Roinn IV, 'Limistéir agus áiteanna ina ndéantar na hoibríochtaí éagsúla' de Chaibidil I, leasaíodh pointe 2 'Limistéar dáileachta críochaithe' trí thagairt don chomhlacht a d'fhormheas an limistéar dáileachta atá ainmnithe le haghaidh táirgthe a chur isteach. Ní dhéanann an t-athfhriotal sin difear don doiciméad aonair.

2. **Tuairisc achomair ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

Faoin roinn maidir leis an tuairisc ar na fíonta, rinneadh tagairt don fhíoras go gcomhlíonann na saintréithe na rialacha a leagtar síos le reachtaíocht an Aontais a chur isteach ar mhaithe le soiléireacht.

Leasaíodh an doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Béarn

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 - fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *Fíonta dearga*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Féadfar na fíonta dearga a chumasc. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur de thionscnamh áitiúil na príomhchineálacha a úsáidtear agus go bhfuil siad oiriúnaithe go maith do shaintréithe ithreach agus aeráide an réigiúin. Is é sin is cúis le cuid d'úrnuacht fíonta de chuid an ainmniúcháin seo. Tá acmhainneacht mhaith thainneach ag na fíonta dearga. Is minic a bhíonn dea-bholaithe torthaíocha chun tosaigh agus éiríonn siad níos casta nuair a aosaítear iad.

Tá neart alcóil nádúrtha íosta 11 % de réir toirte ag na fíonta.

Maidir le gach baisc atá réidh lena cur ar an margadh, ar an mórchóir nó pacáistithe:

— bíonn neart alcóil iomlán de réir toirte nach mó ná 13,5 % acu tar éis iad a shaibhriú;

— bíonn cion aigéid mhalaigh níos lú ná 0.4 g in aghaidh an lítir acu, sin nó cion aigéid mhalaigh atá comhionann le 0,4 g in aghaidh an lítir;

— bíonn méid siúcra inchoipthe (glúcós agus fruchtós) ann atá níos lú ná na méideanna seo a leanas nó comhionann leo: 3 g/l i gcás fíonta dearga ag a bhfuil neart alcóil nádúrtha de réir toirte atá níos lú ná 14 % nó comhionann le 14 %; 4 g/l i gcás fíonta dearga ag a bhfuil neart alcóil de réir toirte atá níos mó ná 14 %.

Comhlíonann na saintréithe eile, mar réamhshocrú, na saintréithe sin a leagtar síos le reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11

— Aigéadacht iomlán íosta: i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

2. *Fíonta geala*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Féadfar na fíonta a chumasc. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur de thionscnamh áitiúil na príomhchineálacha a úsáidtear agus go bhfuil siad oiriúnaithe go maith do shaintréithe ithreach agus aeráide an réigiúin. Is é sin is cúis le cuid d'úrnuacht fíonta de chuid an ainmniúcháin seo. Tá cothromaíocht ag na fíonta geala idir úire agus ungthacht, agus tá castacht áirithe acu maidir leis an mboladh, mar aon le blasanna aramatacha torthaíocha agus bláthacha den chuid is mó.

Tá neart alcóil nádúrtha íosta 11 % de réir toirte ag na fíonta.

Maidir le gach baisc atá réidh lena cur ar an margadh, ar an mórchóir nó pacáistithe:

— bíonn neart alcóil iomlán de réir toirte nach mó ná 13,5 % acu tar éis iad a shaibhriú;

— bíonn méid siúcra inchoipthe (glúcós agus fruchtós) iontu nach mó ná 4 g/l.

Comhlíonann na saintréithe eile, mar réamhshocrú, na saintréithe sin a leagtar síos le reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

3. *Fíonta rosé*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Bíonn dath na bhfíonta rosé sa raon ó bhándearg éadrom go bándearg níos déine de ghnáth. Bíonn na fíonta seo úr agus bog agus bíonn struchtúr taitneamhach agus blasanna aramatacha torthaí beaga dearga agus torthaí citris acu. Féadfar na fíonta a chumasc. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur de thionscnamh áitiúil na príomhchineálacha a úsáidtear agus go bhfuil siad oiriúnaithe go maith do shaintréithe ithreach agus aeráide an réigiúin. Is é sin is cúis le cuid d'úrnuacht fíonta de chuid an ainmniúcháin seo.

Tá neart alcóil nádúrtha íosta 11 % de réir toirte ag na fíonta.

Maidir le gach baisc atá réidh lena cur ar an margadh, ar an mórchóir nó pacáistithe:

— bíonn neart alcóil iomlán de réir toirte nach mó ná 13,5 % acu tar éis iad a shaibhriú;

— bíonn méid siúcra inchoipthe (glúcós agus fruchtós) acu atá níos lú ná 4 ghram in aghaidh an lítir, nó atá comhionann leis am gcion sin, i gcás fíonta rosé. Féadfar an cion sin a mhéadú go 5 ghram in aghaidh an lítir má tá an aigéadacht iomlán arna sloinneadh mar H_2SO_4 níos mó ná 81,6 milleachoibhéis (nó 4 g H_2SO_4) in aghaidh an lítir nó comhionann leis an aigéadacht sin. Is le reachtaíocht a leagtar síos an aigéadacht iomlán, an aigéadacht luaineach agus an cion iomlán dé-ocsaíde sulfair.

Comhlíonann na saintréithe eile, mar réamhshocrú, na saintréithe sin a leagtar síos le reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

— Faightear na fíonta geala agus rosé trí bhrú díreach.

— Toirmisctear gualach fíoneolaíoch a úsáid le linn na fíonta rosé a dhéanamh, cibé acu ina aonar nó measctha in ullmhóidí.

— Tá neart alcóil iomlán nach mó ná 13,5 % ag na fíonta tar éis iad a shaibhriú.

De bhreis ar an bhforáil thuas, ní mór go gcomhlíonann na cleachtais fhíoneolaíocha a leantar na ceanglais a leagtar síos ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus sa Chód Tuaithe agus Iascaireachta Muirí.

2. An modh saothraithe

— Dlús plandaithe

Is é dlús plandaithe íosta na bhfíniúnacha 4 000 planda in aghaidh an heicteáir. Tá an spásáil idir na sraitheanna níos mó ná 2,5 méadar.

Ní ceadmhach an spásáil idir na sraitheanna fíniúnacha atá beartaithe chun fíonta dearga agus rosé a tháirgeadh a bheith níos mó ná 2,80 méadar sna bardais seo a leanas de roinn Pyrénées-Atlantiques: Abos, Arbus, Artiguelouve, Aubertin, Bosdarros, Cardesse, Cuqueron, Estialesq, Gan, Gelos, Haut-de-Bosdarros, Jurançon, Lacommande, Lahourcade, Laroin, Lasseube, Lasseubétat, Lucq-de-Béarn, Mazères-Lezons, Monein, Narcastet, Parbayse, Rontignon, Saint-Faust agus Uzos.

Níl feidhm ag na forálacha sin maidir le fíniúnacha a phlandaítear ar léibhinn.

— Rialacha maidir le prúnáil

Féadfar na fíniúnacha a phrúnáil in Guyot singil nó dúbailte agus an líon uasta bachlóg seo a leanas a bheith ann in aghaidh an phlanda:

16 bhachlóg i gcás chineálacha Tannat N, Manseng N, Gros Manseng B agus Raffiat de Moncade B, agus

20 bachlóg i gcás cineálacha eile.

Tá an líon craobh ar a dtagann torthaí don bhliain in aghaidh an phlanda tar éis bláthú (céim fáis fheineolaíoch Lorenz 23) níos lú ná an méid seo a leanas nó comhionann leis:

12 bhachlóg i gcás chineálacha Tannat N, Manseng N, Gros Manseng B agus Raffiat de Moncade B;

16 bhachlóg i gcás cineálacha eile.

— Féadfaidh uisciú a bheith údaraithe.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Béarn – Fíonta dearga, rosé agus geala

60 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Buantar na fíonchaora agus déantar, forbraítear agus aosaítear na fíonta, sa limistéar geografach, arb é atá ann, ar dháta formheasta na sonraíochta seo ag an gcoiste náisiúnta inniúil, críoch na mbardas seo a leanas ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2023:

— Roinn Gers: Maumusson-Laguian, Riscle (críoch iarbhardas Cannet amháin), Viella;

— Roinn Hautes-Pyrénées: Castelnau-Rivière-Basse, Hagedet, Lascazères, Madiran, Saint-Lanne agus Soublecause;

— Roinn Pyrénées-Atlantiques: Abos, Arbus, Arricau-Bordes, Arrosès, Artiguelouve, Aubertin, Aubous, Aurions-Idernes, Aydie, Baigts-de-Béarn, Bellocq, Bérenx, Bétracq, Bosdarros, Burosse-Mendousse, Cadillon, Cardesse, Carresse, Castagnède, Castetpugon, Castillon (Cantún Lembeye), Conchez-de-Béarn, Corbères-Abères, Crouseilles, Cuqueron, Diusse, Escurès, Estialescq, Gan, Gayon, Gelos, Haut-de-Bosdarros, L'Hôpital-d'Orion, Jurançon, Lacommande, Lagor, Lahontan, Lahourcade, Laroin, Lasserre, Lasseube, Lasseubetat, Lembeye, Lespielle-Germenaud-Lannegrasse, Lucq-de-Béarn, Mascaraàs-Haron, Mazères-Lezons, Moncaup, Moncla, Monein, Monpezat, Mont-Disse, Mourenx, Narcastet, Ogenne-Camptort, Oraàs, Orthez, Parbayse, Portet, Puyoo, Ramous, Rontignon, Saint-Faust, Saint-Jean-Poudge, Salies-de-Béarn, Salles-Mongiscard, Sauvelade, Séméacq-Blachon, Tadon-Sadirac-Viellenave, Tadousse-Ussau, Uzos, Vialer, Vielleségure.

7. **Cineálacha fíonchaor**

Cabernet Franc N

Cabernet-Sauvignon N

Camaralet B

Courbu Noir N

Fer N - Fer Servadou, Braucol, Mansois, Pinenc

Gros Manseng B

Lauzet B

Manseng Noir N

Petit Courbu B

Petit Manseng B

Raffiat de Moncade B

Sauvignon B - Sauvignon Blanc

Tannat N

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

Béarn – Fíonta dearga, rosé agus geala

Is é atá sa limistéar geografach na trí mhol fíonsaothrúcháin i gcúige Béarn. Agus é suite go formhór ar fhánaí bhunchnoic na bPiréiní, léiríonn an limistéar éagsúlacht shuntasach ithreach agus dálaí topa-aeráide.

Tá na fíonghoirt scaipthe agus oiriúnach go discréideach don tírdhreach. Tá siad ina gcuid de chóras éagsúlaithe curaíochta measctha. Is é atá sa charraig a fhoirmíonn an tírdhreach seo dríodair de thionscnamh ilchríochach den chuid is mó (mólás, marla, aolchloch, cré, gaineamh buídhonn [*sables fauves*], sraitheanna púróg) agus de thionscnamh muirí (*flysch*) uaireanta. Chlúdaigh siolta gaothshéidte an tír-raon sa ré Cheathartha, agus tá sé fós ann i roinnt áiteanna.

Tá na hithreacha gaolmhara an-éagsúil freisin, cé go bhfuil an chuid is mó díobh láiste agus aigéadach. Tá ithreacha ar aolchloch sofheicthe freisin. Bíonn éagsúlacht ann i dtaca le cion cloiche na n-ithreacha sin: saibhríonn sraitheanna uachtair na bpúróg na fánaí, agus tá *flysch* sofheicthe i bhfoirm púróga géarfhaobhrach. Feabhsaíonn gaineamh agus gairbhéal an draenáil. Tríd is tríd, draenálann na hithreacha uisce agus téann siad go maith, a bhuí go háirithe lena gclochacht. Is minic a bhíonn na fánaí neamhshiméadrach. Cruthaíonn an tír-raon, atá an-gharbh, treoshuíomhanna éagsúla, agus go háirithe cuid mhór nochtaí teo lena n-aghaidh ó dheas, soir nó siar, agus grádán acu atá leordhóthanach chun uisce báistí a thabhairt chun bealaigh.

Mar thoradh ar an aeráid aigéanach atá bogthais agus cineálta den chuid is mó, bíonn 1 000 mm báistí in aghaidh na bliana ann sa chuid tuaisceartach, agus 1 300 mm báistí ann in aghaidh na bliana sa chuid iartharach, den limistéar. Bíonn an bháisteach dáilte go measartha cothrom i gcaitheamh na bliana, agus bíonn tréimhse níos tirime ann sa samhradh agus go luath san fhómhar. Sa tréimhse sin freisin, bíonn an ghnáthghaoth (lá amháin in aghaidh trí lá) te agus tirim agus is gaoth de chineál Föhn aneas í.

De réir bailiúcháin cairteacha agus cartlanna áitiúla, bhí na fíonghoirt seanbhunaithe cheana féin i gcuid den limistéar chomh luath leis an 13ú haois.

I lár an 14ú haois, tosaíodh ar fhíonta geala agus dearga Béarn a onnmhairiú chun na hÍsiltíre faoin ainm sin. Lean na honnmhairí sin de bheith ag fás go dtí an 19ú haois.

Ón 15ú haois amach, chuir réigiún Bigorre agus na Piréiní ionad díolacháin eile ar fáil do na fíonta sin. Ón 16ú haois, bhí na cineálacha Petit Manseng B, Gros Manseng B, Arrufiac B, Courbu B agus Raffiat de Moncade B san áireamh sna fíniúnacha geala den chuid is mó.

San 18ú haois, níor úsáideadh ach cúpla cineál dearg. Ina measc sin, áiríodh Fer N agus Bouchy (Cabernet Franc N), chomh maith le Tannat N, ar cineál áitiúil é atá an-ildaite agus tainneach.

Ag tús an 20ú haois, bhí an-tóir ar fhíonta rosé a raibh an t-ainmniúchán sin acu, rud a bhí nasctha le margaí i réigiún Pháras a raibh an fíon á stocáil acu.

Rinneadh ainmniúchán tionscnaimh Béarn, *'vin délimité de qualité supérieure'* [fíon ag a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh ar ardchaighdeán] a aithint in 1951 i gcás na bhfíonta rosé agus geala.

Aithníodh Béarn mar ainmniúchán tionscnaimh cláraithe in 1975 i gcás na bhfíonta dearga, rosé agus geala.

Sa 20ú haois, bhí laghdú mór tagtha ar limistéar na bhfíonghort. Ó bhlianta na 1980idí i leith, tá sé ag leathnú arís. Cumhdaíonn an limistéar fíonghort a shonraítear thart ar 300 heicteár fós.

Sa lá atá inniu ann, tá íomhá réigiúnach a bhfuil gealladh fúithi á fáil arís ag fíonta Béarn, a bhuí le hiarrachtaí na saothróirí fíniúna a saineolas a chur ar aghaidh chuig glúnta nua agus an saineolas sin a fheabhsú.

I dtírdhreach an limistéir gheografaigh, agus mar thoradh ar a thír-raon cnocach, páirtchoillearnaí agus ar raon leathan treoshuíomhanna agus ithreacha, bíonn na fíniúnacha scaipthe níos minice ná a mhalairt, rud a fhoirmíonn tírdhreach breactha. Cruthaíonn na fánaí ar thaobh na gcnoc dálaí topa-aeráide fabhracha trí ligean d'uisce báistí breise rith chun srutha agus, nuair a bhíonn na fánaí treoshuite go maith, faigheann na fíonghoirt níos mó solas gréine agus teasa, ar rudaí iad sin a théann chun tairbhe d'aibiú na buainte. Tá an ghaoth aneas atá te agus tirim aneas a shéideann le linn thréimhse aibithe na bhfíonchaor tar éis a bheith fabhrach d'fhíonsaothrú sa réigiún seo a bhíonn bogthais i gcoitinne.

Sa limistéar dáileachta atá ainmnithe le haghaidh tháirgeadh na bhfíonchaor, tá na dáileachtaí is fearr a oireann d'aibiú sláintiúil na bhfíonchaor críochaithe go soiléir; tá na dáileachtaí seo treoshuite go maith agus tá draenáil ithreach measartha maith acu.

Tá limistéar iomráiteach fíonghoirt, atá bunaithe ar chineálacha fíonchaor áitiúla, tar éis forbairt i gcomhréir leis na margaí atá ar fáil dó. Tá oiriúnú na gcineálacha fíonchaor áitiúla d'aeráid measartha bogthais agus d'aibiú déanach ar cheann de na príomhrudaí is cúis le cáil an limistéir fíonghoirt seo thar na céadta bliain. Éilíonn na cineálacha seo an saineolas sonrach atá tar éis teacht chun cinn sa limistéar geografach seo, agus áiríonn sé sin acmhainneacht thainneach na gcineálacha fíonchaor dearg a rialú agus ardacmhainneacht alcóil na gcineálacha geala a bhainistiú tríd an dáta buainte a roghnú agus trí chumasc a dhéanamh.

Is as cumaisc den chuid is mó a dhéantar na fíonta dearga, rosé agus geala. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur de thionscnamh áitiúil na príomhchineálacha a úsáidtear agus go bhfuil siad oiriúnaithe go maith do shaintréithe ithreach agus aeráide an réigiúin. Is é sin is cúis le cuid d'úrnuacht fíonta de chuid an ainmniúcháin seo.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Aonad geografach níos leithne

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfaidh an t-ainmniúchán geografach forlíontach, lena sonraítear an t-aonad geografach níos leithne 'Sud-Ouest' [Iardheisceart], a bheith ann i ndiaidh ainmniúchán 'Béarn'.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-e0ba1d9e-eb8f-41fa-a1b9-42d7432efce4